



An spéis leat teagasc sa Ghaeltacht nó in earnáil na Gaelscolaíochta?

GA4006: An Ghaeilge Ghairmiúil

Bheadh an cúrsa seo oiriúnach d'ábhar mhúinteoirí meánscoile agus do mhúinteoirí meánscoile cáilithe ar spéis leo a gcuid ábhar a theagasc trí mheán na Gaeilge. Déanfar an modúl creidiúnaithe seo de chuid Aonad na Gaeilge, Ollscoil Luimnigh a thairisicint i Seimeastar an Fhómhair 2022.

Tionólfar na ceardlanna tráthnóna Dé Céadaoine 18.00-21.00
ag tosú Dé Céadaoin 7 Meán Fómhair 2022 ar an gcampas ar feadh dhá sheachtain déag.

Cé a thugann faoin modúl seo a dhéanamh?

Mic léinn oideachais, ábhar oidí agus múinteoirí meánscoile a bhfuil spéis acu cur isteach ar phost le Gaeilge mar riachtanas. Thacódh an modúl seo leis an té atá díreach tosaithe amach mar mhúinteoir in earnáil na Gaelscolaíochta chomh maith.

Cén fáth go ndéanfainn an cúrsa seo?

Beidh gach deis agat cur le do chumas sa Ghaeilge agus le do chuid eolais ar acmhainní do pé sainábhar teagaisc atá agat. Gheobhaidh tú seans cur amach a fháil ar oideachas dátheangach agus ar earnáil na Gaelscolaíochta go ginearálta. Treiseofar do CV agus cabhrófar leat chun an t-ullmhúchán cuí a dhéanamh d'agallaimh trí mheán na Gaeilge. Beidh deis agat cur le do ghréasán teagmhálacha proifisiúnta sa cheantar. Beidh tú ullamh chun tabhairt faoin *Teastas sa Ghaeilge do Mhúinteoirí Iarbhunscoile* [scrúdú cainte na Roinne Oideachais] riachtanas dóibh siúd a bhfuil spéis acu post a fháil sa Ghaeltacht nó in earnáil na Gaelscolaíochta.

Cad é an caighdeán Gaeilge atá de dhíth?

Déanfar an modúl a theagasc trí Ghaeilge. Beidh ort a bheith cinnte mar sin go bhfuil scileanna maithe éisteachta agat. Breathnaigh ar an nasc thíos. An dtuigeann tú a bhfuil ag dul ar aghaidh ansin?!

<http://ceacht.ie/content/caidrimh-sa-scoil-múinteoir>

Go hidealach, beidh tú i ndiaidh freastal ar Ghaelscoil nó beidh H1/H2 (A nó B1) Ardteistiméireachta agat. Chuirfeadh teagmháil leis an teanga ó d'fhag tú an mheánscoil leis an rath ort sa mhodúl. Cuimhnigh nach dtógfaidh sé mórán ama ort cumas ard a bhaint amach arís má bhí sin agat tráth, áfach.

Beidh tábhacht le cruinneas teanga sa dearadh a bheidh le déanamh agat ar acmhainní teagaisc agus foghlama ach beidh deis agat obair air sin sna ceardlanna teanga.

Cad é sceideal an mhodúil?

Beidh na ceardlanna ar siúl tráthnóna Dé Céadaoine idir 18.00-21.00 le sos 30 nóiméad san áireamh.

Cad iad aidhmeanna an mhodúil?

Is mar seo a leanas a leagtar amach iad i Leabhrán na Modúl, Ollscoil Luimnigh

Eolas agus scileanna a thabhairt do mhic léinn a mhúinfidh ábhair phraiticiúla trí mheán na Gaeilge mar chéad nó mar dhara teanga.

Cumas teanga a fhorbairt i réimsí a mbaineann leis an saol scoile .i. bainisteoireacht ranga, caidreamh le múinteoirí eile agus le tuismitheoirí agus mar sin de.

Cur leis an mbonn sonraí d'iarchéimithe atá inniúil ar mhúineadh trí Ghaeilge, lena chur chomh mór agus is féidir é le hinfhostaíocht na gcéimithe agus le freastal ar riachtanais fhoirne na scoileanna lánGhaelacha.

Cad é an t-eolas agus cad iad na scileanna agus cumais a bheidh agam ag deireadh an mhodúil?

Beidh an mac léinn in ann leagan Gaeilge de curriculum vitae a dhréachtadh agus leagan Gaeilge d'fhoirm iarratais ar phost mar mhúinteoir a chomhlíonadh

Beidh an mac léinn in ann plean ceachta agus acmhainní dá (h)ábhar a dhearadh agus a eagrú

Beidh an mac léinn in ann fiúntas acmhainní Gaeilge dá (h)ábhar a mheas

Beidh an mac léinn in ann buntáiste na Gaeilge don iarratasóir ar phost múinteoireachta a thuiscint agus plean struchtúrtha don bhfoghlaim fhéinriartha a leagadh amach do bhliain dheireanach na céime

Beidh an mac léinn ullamh do chur i láthair éifeachtach a dhéanamh ag bréagagallamh do phost mar mhúinteoir in earnáil na Gaelscolaíochta

Beidh an mac léinn in ann cumas a léiriú i réimsí teanga a mbaineann leis an saol scoile agus le téarmaíocht siollabas

Cad é an t-ualach oibre a bheidh i gceist?

Braitheann seo ar do chuid scileanna reatha sa Ghaeilge. Beidh ort freastal ar cheardlanna a mhaireann 3 u/chloig gach seachtain. Níor cheart go dtógfadh tograí agus cleachtaí teanga níos mó ná dhá u/chloig breise ort sa tseachtain.

Cad faoi chúrsaí measúnaithe?

Measúnú leanúnach a bheidh i gceist. Beidh tograí, cur i láthair, dialann foghlama agus gníomhaíochtaí tascbhunaithe i gceist ach go háirithe. Ní bheidh aon scrúdú scríofa i gceist ag deireadh an tseimeastair.

Déanfar scileanna cainte a mheas ag deireadh an mhodúil. Bréagagallamh do phost a bhí i gceist blianata eile. Tugtar sonraí tascanna **samplacha thíos mar eolas amháin**

TASC 1: BRÉAGAGALLAMH [Scrúdú cainte]

Tá folúntas ag Gaelcholáiste Luimnigh, Bord Oideachais & Oiliúna Luimnigh & an Chláir (ETB) do mhúinteoir le d'ábhair. Déan an réamhullmhúchán cuí do bhréagagallamh leis an mbainistíocht scoile.

Dréachtaigh gairmré (cv) agus litir iarratais a léiríonn d'oiriúntacht don phost seo. Tá eolas faoin scoil ag <http://www.gcluimnigh.ie/>

Caithfear an litir agus an cv a sheoladh ar an r-phost go teagascóir an mhodúil roimh

Mairfidh an t-agallamh 10 nóiméad. Díreofar ar do litir iarratais agus ar do ghairmré ach go háirithe.

TASC 2: MÍR TEAGAISC: Beidh cur i láthair/togra gearr le déanamh ag mic léinn freisin e.g. mír phraiticiúil de phlean ceachta a bhaineann lena (h)ábhar a chur i láthair an ghrúpa trí Ghaeilge.

Cad faoi chúrsaí grádála?

Déanfar an modúl a ghrádáil ar bhonn pas/teip. Gheobhaidh tú tras-scríbhinn oifigiúil ón Ollscoil mar fhianaise gur bhain tú spriocanna an mhodúil amach.

Táillí an chúrsa

€300, an táille don mhodúl in-naisc, d'iarratasóirí. **Ní ghearrtar** táillí ar mhic léinn an oideachais in Ollscoil Luimnigh.

Eolas Breise / Teagmháil

ciara.considine@ul.ie

www.ul.ie/aonadnagaeilge